

## ***Cód Iompair d'Fhostaithe BOOÁCDL***

Leagan: 2/10.2023

An dáta a dhaingnigh Foireann Ardbhainistíochta BOOÁCDL é: 9ú Deireadh Fómhair 2023

An dáta a nótáil Bord Bainistíochta BOOÁCDL é: 16ú Deireadh Fómhair 2023

Síniú:  (CEO)

Uaslódáilte ar shuíomh inlín BOOÁCDL **TÁ / NÍL**

Leaganacha Gaeilge agus Béarla uaslódáilte ar shuíomh gréasáin BOOÁCDL: **TÁ / NÍL**

Dáta athbhreithnithe: **9ú Deireadh Fómhair 2025**

Uimh. an Bheartais: PL/018	Uimhir an Leagain 2/10.2023
Leaganacha roimhe seo: v.1.Aug2018	Le hÉifeacht ón: 9ú Deireadh Fómhair 2023
Ceadú/Nótáilte ag an mBord: 16ú Deireadh Fómhair 2023	Dáta an Athbhreithnithe: 9ú Deireadh Fómhair 2025

## ***Cód Iompair d'Fhostaithe BOOÁCDL***

### **Réamhrá**

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) i mí Iúil 2013 tar éis dhá Choiste Gairmoideachais a chumas: Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath agus Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire. Ina dhiaidh sin i mí Eanáir 2014 aistríodh trí Ionad Oiliúna de chuid SOLAS (FÁS roimhe sin) i mBaile Dúill, Baile Uí Lachnáin agus Tamhlacht chuig BOOÁCDL.

Is é ár bhfís ná a bheith chun tosaigh go gníomhach in oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar.

Is é misean BOOÁCDL réimse leathan cláir, seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais agus oiliúna a sholáthar do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta ar fud réigiún BOOÁCDL.

### **Cuspóir agus Raon Feidhme**

Baineann forálacha an Chóid leis an bhfoireann go léir atá fostaite ag BOOÁCDL i gcomhlíonadh a ndualgas ó lá go lá.

Cuireadh an Cód i dtoll a chéile i gcomhréir leis an gCód Cleachtais do Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán 02/2019 ón Roinn Oideachais, agus leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (2016).

Ní ghabhann forálacha an Chóid treis ar na ceanglais reachtúla atá ann cheana ná ar oibleagáidí eile arna bhforchur ag an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, ag Achtanna na gCuideachtaí, ag reachtaíocht Eitice, ag reachtaíocht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí ná ag aon reachtaíocht ábhartha eile (m.sh. reachtaíocht chomhionannais, reachtaíocht fostaíochta) .

Leagtar síos sa Chód Iompair na prionsabail agus na caighdeáin ghinearálta a rialóidh gníomhaíochtaí agus iompar gairmiúil an Phríomhfheidhmeannaigh (PF) agus fhoireann BOOÁCDL, agus ar an gcaoi sin, comhlíontar na ceanglais maidir le hiomláine, dílseacht, rúndacht agus cothroime agus déantar cinnte de gur féidir leis an bpobal ardmhuinín a chur sa BOO mar chomhlacht poiblí agus mar fhostóir.

Tá forálacha an Chóid Iompair mar thaca leis na ceanglais a leagtar amach sa *Chód Cleachtais do Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna* agus tá siad ina gcuid de na Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta do gach ball foirne.

Tá sé de dhualgas ar bhaill foirne cloí le beartais agus nósanna imeachta, rialacháin foirne, rialacha oibre agus aon chaighdeán agus cóid chleachtais arna nglacadh ag BOOÁCDL. Tá an cód iompair seo ceangailteach ar gach ball foirne (iad siúd atá ar saoire, sosanna gairme, srl. san áireamh).

D'fhonn a bheith soiléir, i gcás nach ndéanfar an t-idirdhealú go soiléir, tagraíonn an téarma 'foireann' d'fhoireann BOOÁCDL agus don Phríomhfheidhmeannach. Áirítear leis freisin baill foirne atá ag obair in BOOÁCDL trí ghníomhaireacht.

## Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí an chóid iompair:

1. Sraith chomhaontaithe prionsabal eiticiúil a leagan amach a ndéanfaidh BOOÁCDL a chuid gnó dá réir
2. Muinín sa BOO a chothú agus a choinneáil
3. Cosc a chur ar fhorbairt cleachtas mí-eiticiúil nó ar ghlacadh lena leithéid.

## Prionsabail Ghinearálta

Baineann an Cód Iompair le gníomhaíochtaí inmheánacha agus seachtracha an BOO araon. Gach áit a n-oibrímid, ní mór dúinn a chinntiú go ndéantar ár ngnó a stiúradh agus a bhainistiú go héifeachtach, éifeachtúil, oibiachtúil ar mhaithe le leas an phobail, ar bhealach atá ag teacht leis na caighdeáin ghairmiúla is airde ó thaobh cuntasachta agus freagrachta de agus de réir an dlí.

Tá BOOÁCDL tiomanta dá ghníomhaíocht a dhéanamh de réir a shainchúraim reachtúil agus gach reachtaíochta ábhartha d'fhonn bunphrionsabail an Ionracais, na Dílseachta agus na Cothroime a chomhlíonadh.

1. **Ionracas** [gan muid féin a bheith faoi oibleagáid airgeadais ná oibleagáid eile ag daoine aonair ná eagraíochtaí seachtracha a d'fhéadfadh tionchar a imirt orainn i gcomhlíonadh ár ndualgas.]

### (i) *Coimhlint Leasa*

Níor cheart do dhaoine den lucht bainistíochta ná do bhaill foirne baint ná páirt a bheith acu le leasanna seachtracha fostaíochta/gnó atá i gcoimhlint, nó a d'fhéadfadh a bheith i gcoimhlint, le hobair nó le gnó BOOÁCDL.

I gcás go dtiocfaidh coimhlint den sórt sin chun cinn, ba cheart don duine den lucht bainistíochta nó don bhall foirne na leasanna seachtracha fostaíochta/gnó atá i gcoimhlint, nó a d'fhéadfadh a bheith i gcoimhlint, le hobair nó le gnó BOOÁCDL a nochtadh.

Gach leas den sórt sin atá ag tuismitheoir, seantuismitheoir, deartháir, deirfiúr, céile, páirtneir sibhialta, leanaí nó leasleanaí, comhlacht corparáideach a bhfuil baint ag an té leis, nó aon daoine eile a bhfuil baint ag an té leo, caithfear iad sin a nochtadh freisin sa mhéid go mbeidh a leithéid ar eolas ag an té.

Aon duine a nocht leas:

- ní imreoidh sé nó sí aon tionchar, ná ní fhéachfaidh le haon tionchar a imirt, ar chinneadh a bheidh le déanamh i ndáil leis an ní
- ní dhéanfaidh an duine sin aon mholtaí i ndáil leis an ní, leis an gconradh, leis an gcomhaontú ná leis an socrú
- fanfaidh sé nó sí as láthair ó na cruinnithe nó ón gcuid sin de chruinnithe ar lena linn a mbeidh an ní á phlé
- ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú a dhéanfar i ndáil leis an ní
- ní vótálfaidh sé nó sí ar chinneadh a bhaineann leis an ní
- ní choinneoidh sé nó sí aon fhaisnéis ná ábhair a bhaineann leis an ní.



Tá dualgas rúndachta ar an bhfoireann agus ar an PF i leith an ní a mhairfidh tar éis fhoirceannadh na fostaíochta nó an cheapacháin.

*(ii) Tuairisciú*

Déanfaidh BOOÁCDL cinnte de go léireofar a fheidhmíocht agus a fheidhmíocht ghnó go cruinn sa tuarascáil bhliantúil agus sna ráitis airgeadais agus nach mbeidh siad míthreorach ná deartha le bheith míthreorach.

*(iii) Soláthar*

Ba cheart ceannach earraí/seirbhísí a bheith i gcomhréir leis an dea-chleachtas gnó. Ní mór orduithe agus conarthaí a bhronnadh ar bhealach neamhchlaonta agus ar bhonn fiúntais trí iomaíocht chóir de réir rialacha nóis imeachta an BOO agus cibé rialacha nóis imeachta agus forálacha dlí eile is infheidhme. Baill foirne a bhfuil baint ag a gcuid oibre le soláthar agus ceapadh conraitheoirí, ní mór dóibh aon chaidreamh príobháideach nó oifigiúil a bhí acu tráth nó atá fós acu le conraitheoirí ábhartha a nochtadh do Stiúrthóir na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta. Tar éis do bhall foirne coimhlint leasa a nochtadh, coimeádann an BOO an ceart aige féin an ball foirne sin a bhaint d'aon réimsí ina mbeadh baint dhíreach nó indíreach aige nó aici leis an ní atá i gceist.

*(iv) Bronntanais agus fáilteachas*

Maidir le bronntanais chorparáideacha, fáilteachas, cóireáil fhabhrach nó buntáistí a fháil nó a thabhairt a d'fhéadfadh cur isteach ar chumas an deontóra nó an fhaighteora chun cinntí neamhspleácha a dhéanamh maidir le hidirbhearta gnó, nó a bhféadfadh an chuma a bheith orthu go gcuirfidís isteach amhlaidh, ba chóir iad a sheachaint.

Mar sin, ní dhéanann an BOO bronntanais ná fáilteachas a lorg ná a spreagadh agus i gcás go nglacfar lena leithéid, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- tá dianchosc ar fháilteachas agus bronntanais a ghlacadh agus a fháil ó iarratasóir ar chonradh nó ar mhaoiniú
- má dhéanann iarratasóir ar chonradh nó ar mhaoiniú fáilteachas agus bronntanais a thairiscint, seans go ndícháileofar an t-iarratas.

Ní thugann an BOO bronntanais chorparáideacha, fáilteachas (seachas gnáthchúirtéis ghnó), cóireáil fhabhrach ná buntáistí do sholáthraithe nó d'aon pháirtí a ndéanann sé gnó leis.

I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh scoileanna/ionaid de chuid an BOO crannchur a eagrú do mhúinteoirí agus do scoláirí/dhaltaí d'fhonn iad a mhealladh le bheith páirteach i staidéir. Ina leithéid de chásanna, tabharfaidh an BOO aird ar an ngá le cothroime agus comhdheis agus níor cheart go mbeadh an luach iomarcach (níor chóir go mbeadh luach duaiseanna ní ba mhó ná €50).

(v) *Costais*

Cinntoidh gach ball foirne nach n-éilítear costais ach amháin de réir mar is iomchúí i bhfianaise riachtanais ghnó agus de réir an dea-chleachtais a bhfuil glacadh leis san earnáil phoiblí i gcoitinne (Tag: Beartas an BOO um íocaíochtaí agus costais a éileamh).

(vi) *Nochtuithe rúnda*

Tá an BOO tiomanta do na caighdeáin is airde is féidir maidir le hoscailteacht, ionracas agus cuntasacht, agus tá sé ag súil go ndéanfaidh baill foirne a thiocfaidh ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí a chreideann siad atá neamhrialta, míchuí nó eile iad a thuairisciú, ag gníomhú dóibh de réir a gceart faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus faoi Bheartas Sceithreachta an BOO.

## 2. Faisnéis

Tacaíonn lucht bainistíochta agus foireann an BOO le rochtain a sholáthar ar fhaisnéis ghinearálta a bhaineann le gníomhaíochtaí an BOO ar bhealach atá oscailte agus a fheabhsaíonn a chuntasacht don phobal i gcoitinne.

Urramaíonn BOOÁCDL rúndacht na faisnéise íogaire atá ina sheilbh. Is éard atá i gceist leis seo ná:

- Faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de (lena n-áirítear, pleananna don am atá le teacht nó sonraí faoi athruithe móra eagraíochta nó athruithe eile, amhail athstruchtúrú, ach gan a bheith teoranta dóibh);
- faisnéis phearsanta agus
- faisnéis a fuair an BOO faoi rún.

Cloíonn an BOO le nósanna imeachta iomchuí um chomhairliúchán roimh ré le tríú páirtithe nuair a bhíonn sé beartaithe, i gcásanna eisceachtúla, faisnéis íogair a scaoileadh ar mhaithe le leas an phobail.

Comhlíonann an BOO forálacha reachtúla ábhartha (m.sh. cosaint sonraí agus reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise).

## 3. Oibleagáidí

Gabhann BOOÁCDL air féin

- Na hoibleagáidí rialála agus reachtúla uile a chomhlíonadh a leagtar síos leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus le reachtaíocht ábhartha eile.
- Cloí le nósanna imeachta mionsonraithe tairisceana agus ceannaigh, chomh maith le leibhéal fhorordaithe údaráis a chomhlíonadh i ndáil le haon chaiteachas ábhartha a cheadú.
- Rialuithe a thabhairt isteach chun calaois a chosc, lena n-áirítear rialuithe leordhóthanacha chun a chinntiú go gcomhlíonfar na nósanna imeachta forordaithe maidir le costais taistil gnó a éileamh.
- A chinntiú go gcomhoibreoidh gach fostaí le hiniúchtaí inmheánacha sa phróiseas iniúchta inmheánaigh.

- Cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha síos ag an BOO maidir le cásanna coimhlinte leasa, lena n-áirítear maidir le glacadh le poist tar éis thús na fostaíochta/na rannpháirtíochta leis an BOO a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le coimhlintí leasa agus nithe is údar imní ó thaobh rúndachta de.
- A admháil go bhfuil sé de dhualgas ar gach duine na caighdeán eitice gnó is airde a chomhlíonadh.
- Cultúr na sceithireachta a chur chun cinn trínar féidir le fostaithe nithe is údar imní dóibh maidir le héagóir thromchúiseach san ionad oibre a ardú gan eagla a bheith orthu go n-imreofaí díoltas orthu. Chuige sin, cinnteoidh BOOÁCDL go mbeidh deis ag fostaithe aon nithe is údar imní dóibh a ardú faoi neamhrialtachtaí féideartha a bhaineann le dualgais agus oibleagáidí na heagraíochta nó faoi nithe a mbaineann riosca don eagraíocht leo. Déileálfar go rúnda le nithe is ábhar imní d'fhostaithe agus ní dhéanfar íospairt d'aon chineál ar aon duine a thuiriscíonn neamhrialtachtaí nó éagóir fhéideartha.

#### **4. Dílseacht**

Admhaíonn an PF agus foireann BOOÁCDL go bhfuil sé de fhreagracht orthu a bheith dílis don BOO agus go hiomlán taobh thiar dá ghníomhaíochtaí oibre agus gnó go léir, ach a bheith feasach ag an am céanna go gcaithfidh an BOO leasanna na bhfoghlaimeoirí agus na maoinitheoirí, cáiníocóirí ina measc, a chur san áireamh.

#### **5. Cothroime**

Tá BOOÁCDL tiomanta don chothroime agus don phróis chúí agus a ghníomhaíochtaí á seoladh aige agus geallann sé go háirithe:

- Cloí le reachtaíocht um chomhionannas fostaíochta agus stádas comhionann
- Tús áite a thabhairt don chothroime i ngach beart gnó
- Meas a léiriú d'fhoghlaimeoirí agus do chustaiméirí araon agus caitheamh le gach foghlaimeoir agus custaiméir go cothrom.

#### **6. Timpeallacht Oibre/Sheachtrach**

Gabhann BOOÁCDL air féin

- An tosaíocht is airde a shannadh do shláinte agus sábháilteacht fostaithe a chur chun cinn agus a chaomhnú.
- A chinntiú go dtabharfar aird chúí ar gach ní is údar imní don phobal.
- Aon tionchar díobhálach a bhíonn ag na hoibríochtaí ar an gcomhshaol a íoslaghdú.

#### **Freagrachtaí agus scaipeadh faisnéise**

Scaipfear cóip de Chód Iompair BOOÁCDL ar gach fostaí lena choinneáil.

Déanfar athbhreithniú ar an gcód seo gach dhá nó trí bliana nó níos minice más gá

# ddletb



Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire  
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board

Príobháideach agus faoi rún

## Dearbhú Leasanna ag Fostaí

AINM: \_\_\_\_\_

Grád/Teideal an Phoist: \_\_\_\_\_

Roinn/Rannóg \_\_\_\_\_

		Tá	Nil	<i>Má tá, tabhair tuilleadh faisnéise faoin leas pearsanta</i>
1	An bhfuil aon leasanna pearsanta agat a mheasann tú atá ina gcúis le coimhlint le leasanna an BOO nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le coimhlint den sórt sin?			
2	An bhfuil aon leas agat féin, ag aon duine atá ina c(h)ónaí leat, ag aon bhall de do theaghlach nó ag aon dlúthchara leat i ngnóthas nó i gconradh atá nó a d'fhéadfadh a bheith ina chaidreamh gnó leis an BOO?			
3	An bhfuil aon leasanna airgid agat a d'fhéadfadh teacht salach ar leasanna an BOO?			
4	An bhfuil aon leasanna eile agat ba mhaith leat a dhearbhú?			

Arna shíniú: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Tar éis duit an fhoirm seo a chomhlánú, tabhair don POF/do Stiúrthóir na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta í le go bhféadfar í a chur ar taifead agus a choinneáil.

